C/2026/3796

17.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3796)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Almansa’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0044-AM07 — 27.4.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Almansa’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC Almansa; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d’aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

CINEÁL NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc

Cuireadh cineál geal nua, Garnacha Blanca, isteach.

Déanann an leasú seo difear do phointe 6 den tsonraíocht táirge agus do phointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Almansa’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0044-AM07 — 27.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Almansa’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala tirime agus fíonta rosé

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

FÍON GEAL

Gan aon aosú in adhmad: toin bhuí den chuid is mó, a d’fhéadfadh a bheith idir an buí is éadroime agus buí meánach, lena n-áirítear buí ar dhath na tuí, agus d’fhéadfadh imireacha scothghlasa a bheith iontu freisin.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: is féidir leo a bheith idir an buí is éadroime agus an buí órga is déine, lena n-áirítear buí ar dhath na tuí, agus is féidir imireacha scothghlasa a bheith iontu freisin.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: toin bhuí den chuid is mó, a d'fhéadfadh a bheith idir an buí is éadroime agus buí órga, lena n-áirítear buí ar dhath na tuí. Is féidir toin órga níos déine atá ina saintréithe d'aosú i mbairillí a bheith ann freisin.

FÍON *ROSÉ*

Tá toin bhándearga ar na fíonta agus d'fhéadfadh imireacha bándearga éadroma, sútha craobh, sútha talún nó dath an bhradáin a bheith orthu.

Dea-bholadh

FÍON GEAL

Gan aon aosú in adhmad: glan, agus déine mhaith agus braistintí torthaí ceannasacha ann.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: glan, le déine mhaith. Bíonn braistintí torthaí chun tosaigh, ach d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmadúla tóstáilte, rud atá ina saintréithe den aosú i mbairillí a bheith sa bhreis air sin freisin.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: glan, le déine mhaith. Tá braistintí casta idir torthaí agus adhmad, rud atá ina saintréith den aosú i mbairillí, chun tosaigh. D'fhéadfadh dea-bholaithe den fhorbairt ocsaídiúcháin a bheith orthu ar saintréithe iad den aosú ceart in adhmad.

FÍON *ROSÉ*

Glan agus déine idir measartha agus ard agus dea-bholaithe torthaíocha air den chuid is mó ann.

Blas

FÍON GEAL

Gan aon aosú in adhmad: aigéadacht mhaith, blasanna úra agus torthaíocha.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: aigéadacht mhaith, blasanna úra agus torthaíocha. D'fhéadfadh blasanna éadroma adhmadúla tóstáilte a bhaineann go sonrach leis an aosú i mbairillí teacht chun cinn.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: aigéadacht mhaith, blasanna glana agus casta ina gcomhcheanglaítear torthaí agus adhmad. D'fhéadfadh blasanna tóstáilte a bhaineann go sonrach leis an aosú i mbairillí teacht chun cinn.

FÍON *ROSÉ*

Aigéadacht mhaith, láidir agus cothrom. Torthaíoch agus mín.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,7
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta leath-thirime, leath-mhilse agus milse geala, fíonta leath-thirime, leath-mhilse agus milse rosé agus fíonta leath-thirime, leath-mhilse agus milse dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Mar an gcéanna leis an tuairisc thuas le haghaidh fíonta tirime, ag brath ar cibé acu atá siad geal, *rosé* nó dearg agus ag brath ar a n-aosú.

Dea-bholadh

Mar an gcéanna leis an tuairisc thuas le haghaidh fíonta tirime, ag brath ar cibé acu atá siad geal, *rosé* nó dearg agus ag brath ar a n-aosú.

Blas

Mar an gcéanna leis an tuairisc thuas le haghaidh fíonta tirime, ag brath ar cibé acu atá siad geal, *rosé* nó dearg agus ag brath ar a n-aosú.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	3
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	16,7
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Cion iomlán uasta dé-ocsaíde sulfair: 180 mg/l má tá an méid iomlán siúcra níos mó ná 5 g/l arna shloinneadh mar fhruchtós móide glúcós.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg tirim

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Gan aon aosú in adhmad: d'fhéadfadh déine datha idir measartha agus ard a bheith ar na fíonta, lena mbaineann imireacha idir dearg agus corcairghorm, corcra, dath an ghairnéid, dath an tsilín nó dath an rúibín.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: d'fhéadfadh déine datha idir measartha agus ard a bheith ar na fíonta, lena mbaineann imireacha idir dearg agus corcairghorm, corcra, dath an ghairnéid, dath an tsilín nó dath an rúibín, agus d'fhéadfadh toin dhonnrua a bheith orthu.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: d'fhéadfadh déine datha idir measartha agus ard a bheith ar na fíonta, lena mbaineann imireacha idir dearg agus corcairghorm, corcra, dath an ghairnéid, dath an tsilín nó dath an rúibín, agus d'fhéadfadh toin dhonnrua nó oráiste a bheith orthu.

Dea-bholadh

Gan aon aosú in adhmad: déine idir measartha agus ard agus dea-bholaithe glana agus torthaíocha orthu.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: déine idir measartha agus ard lena mbaineann dea-bholaithe glana agus torthaí, agus d'fhéadfadh dea-bholaithe tóstáilte éadroma a bheith le brath chomh maith.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: déine idir measartha agus ard lena mbaineann dea-bholaithe glana agus casta, agus d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmaid agus tóstáilte a bheith le brath chomh maith.

Blas

Gan aon aosú in adhmad: déine idir measartha agus ard, lena mbaineann cothromaíocht mhaith agus struchtúr maith.

Aosaithe in adhmad ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí: déine idir measartha agus ard, bíonn cothromaíocht mhaith agus struchtúr maith acu agus d'fhéadfadh blasanna adhmaid is saintréith do na fíonta, lena mbaineann ruainníní tóstáilte, a bheith le brath orthu.

Aosaithe in adhmad ar feadh níos mó ná 6 mhí: déine idir measartha agus ard, bíonn cothromaíocht mhaith agus struchtúr maith acu agus d'fhéadfadh blasanna adhmaid is saintréith do na fíonta, lena mbaineann ruainníní tóstáilte agus blasanna den fhorbairt ocsaídiúcháin ar saintréithe iad den aosú ceart i mbairillí, a bheith le brath orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	16,7
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán (dearg, geal agus rosé)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Boilgeoga fíneálta fadmharthanacha, imireacha idir éadrom agus órga agus lonrach ar na fíonta geala, agus imireacha idir bándearg agus dath na tíle ar na fíonta *rosé*.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe glan agus torthaíoch ann. Tá dea-bholaithe an-láidir ar fhíonta 'Reserva'.

Blas

Bíonn siad cothrom sa bhéal, lena mbaineann struchtúr atá taitneamhach sa bhéal.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	185

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Nuair a bhíonn an t-úrfhíon fíonchaor nó an fíon á eastóscadh agus é á dheighilt ón marc fíonchaor, ní mór an brú ceart a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mó an táirgeacht ná 74 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora dearga agus 70 lítear fíona in aghaidh an 100 cileagram d'fhíonchaora geala.

Maidir le táirgeadh fíonta dearga, is é 48 n-uair an chloig an íostréimhse mhaothúcháin.

Ní cheadaítear cineálacha fíniúna gile agus fíniúna deirge a chumasc.

Na coimeádáin adhmaid a úsáidtear sna próisis aosaithe, ní mór iad a bheith déanta as dair agus ní mór toilleadh a bheith iontu a chomhlíonann na teorainneacha toirte a leagtar síos leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le húsáid téarmaí traidisiúnta áirithe. Aosú i mbairillí.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala cuachthreoraithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	7 860
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala cuachthreoraithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	55
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha dearga cuachthreoraithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	6 430
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha dearga cuachthreoraithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	47,58
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 430
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha geala treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	80
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha dearga treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha dearga treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	74
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET FRANC

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— GARNACHA BLANCA

— GARNACHA TINTA

— GARNACHA TINTORERA

— MACABEO – VIURA

— MERLOT

— MONASTRELL

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— PETIT VERDOT

— PINOT NOIR

— SAUVIGNON BLANC

— SYRAH

— TEMPRANILLO

— VERDEJO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Na bardais seo a leanas:

— Almansa

— Alpera

— Bonete

— Corral Rubio

— Higueruela

— Hoya Gonzalo

— Pétrola

— Chinchilla: an limistéar a theorannaítear le bóthar seirbhíse AB-402 (bóthar atá ag dul ó Horna go Venta de Alhama) agus atá ar theorainn bhardais Pétrola agus Corral Rubio ar thaobh amháin agus atá ar theorainn bhardais Bonete, Higueruela agus Hoya Gonzalo ar an taobh eile.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá limistéar táirgeachta an ainmniúcháin tionscnaimh 'Almansa' lonnaithe i gcrios idirthurais aeráide. Tá na fíonghoirt lonnaithe ar ísealchríocha, áit a bhfuil ithreacha tréscaoilteacha ann atá lán le haolchloch agus ar bheagán cothaitheach. Tá an mheánfhrasaíocht íseal, is é sin 250 mm/bliain. A bhuí leis an mbáisteach íseal, tréscaoilteacht na hithreach agus an táirgeacht íseal, is féidir fíonta a bhfuil dea-bholadh láidir agus dath dian orthu a tháirgeadh.

Catagóir an táirge fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Leis na teochtaí fíor-arda agus leis an ithir ar mhórán aolchloiche, is féidir na cineálacha údaraithe a shaothrú, ar cineálacha iad a thugann tathag agus cothromaíocht do na fíonta. Ar an gcaoi chéanna, is féidir fíonta ina bhfuil na leibhéil seanbhunaithe nirt alcóil a tháirgeadh mar gheall ar an neart alcóil nádúrtha a bhíonn iontu a bhuí leis an easpa báistí agus ar an líon uaireanta de thréimhsí gréine atá ann. Maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha, is mar *cuvée* a úsáidtear na fíonta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, agus ar an ábhar sin tá feidhm ag an tuairisc ar a nasc maidir le fíonta súilíneacha freisin.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Chun gur féidir ainm cineáil fíniúna shonraigh aonair a úsáid, is gá 85 % ar a laghad de na fíonchaora teacht ón gcineál sin agus ní mór sin a thaifeadadh sna cláir fíona.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

TOIRMEASC AR PHACÁISTIÚ LASMUIGH DEN LIMISTÉAR CRÍOCHAITHE

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Chun úsáid chuí ATFC a áirithiú, ní mór gach fíon faoi chosaint a sheoladh sa phacáistíocht. Is é an pacáistiú an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnamh, seachas an próiseas faoina ndéantar fíon as úrfhíon fíonchaor trí choipeadh alcólach. Ní mór an chéim sin a mheas mar an chéim dheiridh i dtáirgeadh na bhfíonta sin, ós rud é go mbaineann sé le cleachtais fhíoneolaíocha eile agus féadfaidh na cleachtais sin difear a dhéanamh do na saintréithe speisialta, is iad sin: scagadh, cobhsú agus cineálacha éagsúla beart ceartaitheach.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://apliagri.castillalamancha.es/sites/default/files/2025-11/PC_DOP_ALMANSA_20250709.pdf